Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/2745

12.5.2025

**CINNEADH Ó BHIÚRÓ PHARLAIMINT NA HEORPA**

**an 5 Bealtaine 2025**

**lena leagtar síos na Rialacha maidir le hOrd Fiúntais na hEorpa**

(C/2025/2745)

TÁ BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA,

- ag féachaint do Riail 25(2) de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Léiríonn gradaim in oird náisiúnta agus onóracha comhchosúla arna ndámhachtain ag na Ballstáit tiomantas comhroinnte ar fud an Aontais chun aitheantas a thabhairt do shármhaitheas agus do rannchuidithe lena saibhrítear an tsochaí.

(2) Dá gcruthófaí ord ar leibhéal an Aontais lena n-aithneofaí, ar an gcaoi chéanna, rannchuidithe eisceachtúla le lánpháirtiú agus le luachanna na hEorpa, chothófaí braistint aontachta agus féiniúlachta comhroinnte agus comhchuspóra i measc shaoránaigh an Aontais. Chuige sin, ba cheart Ord Fiúntais na hEorpa ('an tOrd') a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Prionsabail ghinearálta**

1. Bunaítear leis seo Ord Fiúntais na hEorpa ('an tOrd') chun ómós a thabhairt don mhéid atá bainte amach ag daoine aonair a rannchuidigh go suntasach le lánpháirtiú na hEorpa nó le cur chun cinn agus cosaint na luachanna a chumhdaítear sna Conarthaí.

2. Beidh trí leibhéal, ag dul i méid ó thaobh gradaim de, san Ord:

— Comhalta den Ord;

— Comhalta Onórach den Ord; agus

— Comhalta Oirirce den Ord.

*Airteagal 2*

**Critéir incháilitheachta agus eisiaimh**

1. Ní fhéadfar ach daoine aonair a cheapadh chun an Oird. Ní bheidh grúpaí, comhlachais ná eagraíochtaí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu incháilithe.

2. Ní bheidh comhaltaí ná foireann institiúidí, comhlachtaí, oifigí ná gníomhaireachtaí de chuid an Aontais incháilithe le ceapadh chun an Oird, ar aon cheann de na leibhéil ghradaim, le linn a sainordaithe ná agus iad fós i mbun seirbhíse.

*Airteagal 3*

**Foirm an ghradaim**

1. Déanfar ceapadh chun an Oird ar gach leibhéal gradaim a fhianú le deimhniú arna shíniú ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa.

2. Arna gceapadh chun an Oird, gheobhaidh na buaiteoirí gradaim suaitheantas agus barra ribín, dá dtagraítear i míreanna 3, 4 agus 5, a chomhfhreagraíonn don leibhéal de ghradam ag a ndearnadh an ceapachán.

3. Is as airgead a dhéanfar an suaitheantas a bhronntar ar Chomhalta den Ord. Beidh sé 40 mm ar trastomhas agus ceanglófar é le ribín moiré gorm 37 mm a bhfuil stríoc bhuí amháin air. Beidh an barra ribín comhfhreagrach gorm agus tá stríoc bhuí amháin air.

4. Is as airgead óraithe a dhéantar an suaitheantas a bhronntar ar Chomhalta Onórach den Ord. Beidh sé 40 mm ar trastomhas agus ceanglaítear é le ribín moiré gorm 37 mm a bhfuil dhá stríoc bhuí air. Beidh dath gorm ar an mbarra ribín comhfhreagrach agus beidh dhá stríoc bhuí air.

5. Is as airgead óraithe a dhéanfar an suaitheantas a bhronntar ar Chomhalta Oirirce den Ord. Beidh sé 50 mm ar trastomhas agus ceanglófar é le ribín moiré gorm 40 mm a bhfuil trí stríoc air. Beidh dath gorm ar an mbarra ribín comhfhreagrach agus beidh trí stríoc bhuí air.

6. Caithfear suaitheantais agus barraí ribín ar an taobh clé den chliabhrach, seachas an suaitheantas dá dtagraítear i mír 5, a chaithfear timpeall an mhuiníl. Ní chaithfear suaitheantais agus barraí ribín go comhuaineach.

*Airteagal 4*

**Cearta agus oibleagáidí**

1. Beidh ballraíocht san Ord ar aon cheann de na leibhéil ghradaim, agus an ceart chun an suaitheantas nó an barra ribín a chomhfhreagraíonn do leibhéal gradaim ar leith a chaitheamh, coinníollach ar an ngradam sin a bhronnadh de réir Airteagal 8. Ní fhéadfaidh aon duine ballraíocht san Ord nó leibhéal gradaim ar leith laistigh den Ord a éileamh go dtí go mbronnfar go foirmiúil í ar an duine lena mbaineann.

2. Caithfear an suaitheantas agus an barra ribín go measúil agus i gcomhréir le hAirteagal 3.

3. Bronnfaidh ballraíocht san Ord an ceart rochtain a fháil ar áiléar oifigiúil an tSeomra Tionóil le linn shuíonna iomlánacha na Parlaiminte, i gcomhréir le Cinneadh ón mBiúró an 3 Bealtaine 2004 maidir leis na Rialacha lena rialaítear rochtain ar an Seomra Tionóil agus freastal air agus seoladh díospóireachtaí.

*Airteagal 5*

**Moltaí le haghaidh ceapacháin**

1. Is iad seo a leanas a fhéadfaidh moltaí le haghaidh ceapacháin chun an Oird a dhéanamh:

— Uachtarán Pharlaimint na hEorpa;

— Uachtarán na Comhairle Eorpaí;

— Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh;

— Cinn Stáit nó Rialtais na mBallstát atá ina gcomhaltaí den Chomhairle Eorpach; nó

— Cainteoirí pharlaimintí náisiúnta na mBallstát.

2. Áireofar sna tograí faisnéis bheathaisnéiseach ina leagfar béim ar a bhfuil bainte amach ag an duine atá beartaithe agus sonraí teagmhála an duine sin, de réir mar is iomchuí. Cuirfear faoi bhráid an choiste roghnúcháin arna bhunú de bhun Airteagal 7 iad i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais.

*Airteagal 6*

**Cinneadh maidir le gradam a bhronnadh**

1. Déanfaidh coiste roghnúcháin, le tacaíocht ó rúnaíocht, measúnú ar na tograí a fhaightear de bhun Airteagal 5 agus ceapfaidh sé daoine aonair don Ord.

2. Déanfar ceapachán tosaigh chun an Oird, mar riail ghinearálta, ar an gcéad leibhéal gradaim. Féadfaidh an coiste roghnúcháin ceapachán chun ceann de na leibhéil eile ghradaim a chinneadh i gcás éachtaí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo nó ar bhonn éachtaí nua, de réir mar is iomchuí.

3. Beidh líon iomlán na mbuaiteoirí gradaim a cheapfar teoranta do 20 buaiteoir ar a mhéad in aghaidh na bliana.

4. Déanfar an cinneadh maidir le gradam a bhronnadh a chur in iúl do na buaiteoirí lena mbaineann agus foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

*Airteagal 7*

**An coiste roghnúcháin**

1. Seachtar comhaltaí a bheidh ar an gcoiste roghnúcháin, eadhon:

— Uachtarán Pharlaimint na hEorpa (*ex officio*);

— beirt Leas-Uachtarán de chuid Pharlaimint na hEorpa (*ex officio*); agus

— ceathrar mór le rá ón Eoraip.

2. Ceapfaidh Biúró Pharlaimint na hEorpa comhaltaí an choiste roghnúcháin ar feadh téarma inathnuaite ceithre bliana.

3. Tiocfaidh deireadh go huathoibríoch le téarma oifige na gcomhaltaí *ex officio* nuair nach mbeidh a n-oifig faoi seach acu a thuilleadh.

4. I gcás folúntais do cheann amháin de na poist sin roimh dheireadh théarma an chomhalta, ní fhónfaidh an comhalta nuacheaptha ach ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige réamhtheachtaí an chomhalta sin.

5. Nuair a thíolacfar doiciméid tacaíochta, beidh comhaltaí an choiste roghnúcháin, i gcás inarb iomchuí, i dteideal aisíocaíocht a fháil ar speansais taistil réasúnacha arna dtabhú le linn páirt a ghlacadh i gcruinnithe an choiste roghnúcháin.

6. Bunóidh an coiste roghnúcháin a rialacha nós imeachta.

*Airteagal 8*

**Searmanas tabhartha**

1. Tionólfar searmanas bliantúil le linn ceann de pháirtseisiúin na Parlaiminte. Féadfar searmanais bhreise a eagrú nuair a mheastar é a bheith iomchuí.

2. Le linn an tsearmanais, tabharfaidh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa an t-idirdhealú do na buaiteoirí.

3. Nuair a thíolacfar doiciméid tacaíochta, beidh buaiteoirí gradaim agus comhaltaí an choiste roghnúcháin i dteideal aisíocaíocht a fháil ar speansais taistil réasúnacha a thabhaítear agus iad ag freastal ar an searmanas.

*Airteagal 9*

**Cúlghairm agus tarraingt siar**

1. Féadfaidh an coiste roghnúcháin an ceapachán chun an Oird a chúlghairm i gcás ina bhfaighfear Comhalta den Ord, gan beann ar an leibhéal gradaim, nó buaiteoir gradaim, ciontach i gcion coiriúil trí bhreithiúnas críochnaitheach; i gcás ina léireoidh sé nó sí go bhfuil dímheas aige nó aici ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, mar a leagtar amach in iúl in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach; nó i gcás ina mbeidh an suaitheantas nó an barra ribín úsáidte aige nó aici ar bhealach míchuí.

Féadfaidh an coiste roghnúcháin gradam a tharraingt siar más rud é gur deonaíodh é ar bhonn faisnéis mhícheart a bhaineann leis na critéir incháilitheachta nó eisiaimh nó leis an méid atá bainte amach ag Comhalta an Oird, gan beann ar an leibhéal gradaim, ná ar an mbuaiteoir lena mbaineann.

Má dhéantar an ceapachán chun an Oird a chúlghairm nó a tharraingt siar, caillfear na cearta uile faoi Airteagal 4.

2. Féadfaidh an coiste roghnúcháin glacadh cinnidh de bhun mhír 1 a tharmligean chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa.

3. Tabharfar deis don Chomhalta den Ord, gan beann ar an leibhéal gradaim, nó ar an mbuaiteoir lena mbaineann barúlacha i scríbhinn a chur i láthair sula ndéanfar cinneadh de bhun mhír 1.

4. Tabharfar fógra faoin gcinneadh don duine lena mbaineann agus foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é*.

*Airteagal 10*

**Teacht i bhfeidhm agus foilsiú**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.